


## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

An raibh an ceart ag Colm Cille an leabhar a chóipeáil gan chead, do bharúil? Cén fáth?

### Tasc 2:

Bhí Colm Cille deas, cineálta agus séimh nuair a bhí sé óg. Ainmnigh 5 aidiacht eile a chuireann síos ar dhaoine.



CCEA
Rewarding Learning


Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

21 Naomh Colm Cille

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# Naomh Colm Cille

Rugadh Naomh Colm Cille sa bhliain 521 i nGartán i gContae Dhún na nGall. Criomthainn an t-ainm a tugadh air nuair a rugadh é. Nuair a bhí sé óg, shocraigh sé gur mhaith leis bheith ina **mhanach**. Thug a chairde an t-ainm Colm Cille air cionn is go raibh sé deas, cineálta agus séimh, cosúil leis an éan an **colm**. Fuair sé an dara cuid dá ainm as siocair go raibh sé le feiceáil sa **mhainistir** go minic.

Thóg Colm Cille a chéad mhainistir i nDoire sa bhliain 545 agus tá na daoine i nDoire bródúil as go fóill. Tugtar Doire Cholm Cille ar an áit fosta, in ómós do Cholm Cille.

Bhí dúil mhór ag Colm Cille i leabhar clúiteach agus rinne sé cóip de gan chead. Ba le duine darbh ainm Fionán an leabhar agus thit sé amach le Colm Cille nuair a chuala sé faoin rud a rinne sé. Rinne Fionán gearán leis an **rí**. D'iarr an rí ar Cholm Cille an chóip a thabhairt d'Fhionán ach dhiúltaigh sé. Thosaigh Colm Cille agus a chairde ag troid in éadan **arm** an rí. Fuair na céadta duine bás. Tháinig brón millteanach ar Cholm Cille nuair a chonaic sé seo.

D'fhág Colm Cille Éire mar gheall ar an bhrón a bhí air. D'imigh sé féin agus manaigh eile ar bhád go hOileán Í, **oileán** beag ar chósta na hAlban. Thóg sé mainistir eile ansin. Chaith Colm Cille an chuid eile dá shaol ar Oileán Í. Fuair sé bás sa bhliain 597. Bíonn Lá Fhéile Colm Cille ann ar an 9ú Meitheamh gach bliain. Téann cuid mhór daoine ar thuras go hOileán Í go fóill. Tá Naomh Colm Cille chomh tábhachtach le Naomh Pádraig agus le Naomh Bríd in Éirinn.

# Ceisteanna

**1. Cá háit ar rugadh Naomh Colm Cille?**
(a) Dún na nGall
(b) Doire
(c) Albain

**2. Cén sórt duine a bhí ann nuair a bhí sé óg?**
(a) Cineálta agus séimh
(b) Cruálach agus crosta
(c) Bómánta agus callánach

**3. Cé acu atá fíor?**
(a) Thóg Colm Cille a chéad mhainistir i nDoire
(b) Thóg Colm Cille a chéad mhainistir i nDún na nGall
(c) Thóg Colm Cille a chéad mhainistir ar Oileán Í

**4. Cén fáth ar thosaigh an troid mhór?**
(a) Thit Fionán amach le Colm Cille
(b) Thit Colm Cille amach leis na manaigh eile
(c) Thit an rí amach leis na daoine ar Oileán Í

**5. Cad é mar a mhothaigh Colm Cille nuair a fuair na daoine bás?**
(a) Bhí áthas mór air
(b) Bhí brón mór air
(c) Bhí bród mór air

**6. Cé acu abairt a insíonn dúinn go bhfuil suim mhór ag daoine i gColm Cille go fóill?**
(a) Chaith sé an chuid eile dá shaol ar Oileán Í
(b) Tháinig brón millteanach ar Cholm Cille nuair a chonaic sé seo
(c) Téann cuid mhór daoine ar thuras go hOileán Í go fóill

